

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge  
TUAIRISC**

**Coláiste Dún Iascaigh  
Cathair Dhún Iascaigh, Contae Thiobraid Árann  
Uimhir Rolla: 76063D**

**Dáta na cigireachta: 13 Bealtaine 2016**



**AN ROINN | DEPARTMENT OF  
OIDEACHAIS | EDUCATION  
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

**TUAIRISC**  
**AR**  
**CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAELGE**

---

**EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT**

<b>Dátaí na cigireachta:</b>	<b>12&amp;13 Bealtaine 2016</b>
<b>Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu</b> <ul style="list-style-type: none"><li>• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha</li><li>• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí</li><li>• Caidreamh le scoláirí</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith 6 thréimhse ranga</li><li>• Athbhreithniú ar obair na scoláirí</li><li>• Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí</li></ul>

**PRÍOMHCHINNTÍ**

- Bhí éagsúlacht suntasach ag baint le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama thar na ranganna a breathnaíodh.
- Cé go raibh úsáid na Gaeilge i dtreis i bhformhór na gceachtanna a breathnaíodh, ba léir nár teanga bheo í an Ghaeilge i líon suntasach ranganna.
- B'inmholta é gur cruthaíodh deiseanna ar an idirghníomhaíocht le linn na gceachtanna uile.
- Tugadh moladh faoi leith don chleachtas nuair a cuireadh ar scoláirí dul i mbun ceapadóireachta as a seasamh, bíodh sé ó bhéal nó i scríbhinn.
- Déanann formhór na múinteoirí monatóireacht leanúnach ar obair scríofa a gcuid scoláirí.

**PRÍOMH-MHOLTAÍ**

- Ba cheart breis deiseanna a thabhairt do scoláirí chun dul i ngleic leis an bpróiseas sealbhaithe teanga le linn ceachtanna trí aird faoi leith a dhíriú ar nithe ar nós cruinnionramháil mhúnlaí cainte, leathnú stór focal agus pointí gramadaí.
- Moltar go n-áireofaí cumas labhartha na scoláirí uile sa mheasúnú a dhéantar orthu.
- Moltar go gcuirfí breis téagair leis an bpleanáil um fhorbairt ábhair ionas go mbeidh tuiscint níos cuimsithí ag na baill roinne uile ar na modheolaíochtaí is éifeachtaí chun scoláirí a chumasú sa Ghaeilge.

## RÉAMHRÁ

Is scoil chomhoideachais de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann é Coláiste Dún Iascaigh. Is croí-abhar í an Ghaeilge ar churaclam na scoile mar atá clár an Teastais Shóisearaigh, an Idirbhliain, clár na hArdteistiméireachta, Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus an Ardteist Fheidhmeach. Seisear múinteoirí a bhí ag gabháil do theagasc na Gaeilge aimsir na cigireachta agus bhí meascán de thaithí acu ar mhúineadh an ábhair. Bhí d'fólúine ón nGaeilge ag 18% den díorma iomlán scoláirí ó staidéar na Gaeilge le linn na scoilbhliana 2015/2016.

## TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí éagsúlacht i gcáilíocht an teagaisc agus na foghlama thar na ranganna a breathnaíodh. Bhí an cleachtas go maith i roinnt ceachtanna. I gcásanna eile, áfach, cé go raibh gnéithe den chleachtas a fuair moladh, aithníodh réimsí forbartha ar mhór díriú orthu más mian go mbeadh inniúlacht scoláirí sa Ghaeilge ag teacht lena gcumas i gcoitinne.
- Bhí úsáid na Gaeilge i dtreis sa chuid is mó de na ranganna. Nuair ba léir cleachtadh a bheith ag múinteoirí agus ag a gcuid scoláirí ar an nGaeilge a labhairt mar theanga bheo, comhlíonadh gníomhaíochtaí uile an cheachta gan dul i mórmhuinín an Bhéarla, fiú i gcás na bhfoghlaiméoirí ab ísle cumas. I gceachtanna eile, áfach, thug easpa tuisceana agus easpa féinmhuiníne na scoláirí i gcoitinne le fios nach gnáthchleachtas é go mbeadh an Ghaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide.
- I bhfianaise a bhfuil ráite thuas, déantar moladh láidir go mbeadh ionchais níos airde á léiriú ag múinteoirí lena gcuid scoláirí. Ba cheart go dtuigfeadh na scoláirí ar fad go bhfuil ar a gcumas a gcuid inniúlachta sa Ghaeilge a fheabhsú, beag beann ar a gcaighdeán reatha sa teanga.
- Ba mhaith an ní é gur cuireadh scoláirí i mbun tascanna comhfhoghlama ina raibh orthu cabhrú lena chéile. Mar thoradh ar an mbainistiú éifeachtach a rinneadh, i dtromlach na gceachtanna, ar an idirghníomhaíocht seo, ghlac scoláirí páirt ghníomhach in obair an ranga agus d'éirigh leo na tascanna éagsúla a chomhlíonadh. Cé go ndearnadh monatóireacht leanúnach ar an obair seo, braitheadh nár díriodh go sásúil ar mhórán de na bearnaí teanga a tháinig chun solais le linn na monatóireachta.
- Ag éirí as a bhfuil tuairiscithe thuas, meabhraítear do mhúinteoirí gur iomaí féidearthacht a bhaineann leis an obair ghrúpa maidir le haird scoláirí a dhíriú ar ghnéithe éagsúla den teanga, idir phointí cruinnis agus saibhris, a éiríonn as an gcomhphlé. Dá bhrí seo, iarrtar orthu na deiseanna seo a thapú mar mhodh chun leibhéal inniúlachta na scoláirí a thabhairt chun cinn.
- Ba léir, i roinnt bheag cásanna, go raibh béim áirithe á leagadh ar an bpróiseas sealbhaithe teanga féin. Sna cásanna seo, b'éigean do scoláirí dul i ngleic le castachtaí na teanga agus iad ag iarraidh abairtí a sholáthar ó bhéal nó cuntais ghairide a cheapadh agus a scríobh. Moltar an dea-chleachtas seo, go háirithe toisc go raibh tuiscint mhaith cothaithe sna scoláirí ar conas a d'fhéadfaidís féin dul i ngleic le tasc éisteachta, scríbhneoireachta nó labhartha go neamhspleách.
- I bhfianaise an dea-chleachtais a breathnaíodh, iarrtar ar na múinteoirí uile breis béime a leagadh ar scoláirí a chur ag cruthú abairtí agus cumadh ceisteanna as a stuaim féin in áit iad a bheith ag déanamh athrá nó athscríobh ar abairtí a thugtar dóibh, cleachtas atá i bhfeidhm go forleathan faoi láthair is cosúil.

- Is inmholta é go ndéanann mórán múinteoirí monatóireacht leanúnach ar obair scríofa na scoláirí. Is ar mhaithe leis an bhfoghlaim neamhspleách a chur chun cinn a mholtar do na múinteoirí uile treoir shoiléir chun feabhais a áireamh san aiseolas scríofa a thugtar do scoláirí.

#### **SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE**

- Is ar bhonn laethúil a bhíonn ranganna Gaeilge ag scoláirí sinsearacha, cleachtas a mholtar. Tá tráthchlár nua le teacht i bhfeidhm an scoilbhliain seo chugainn a thabharfaidh breis teagmhála leis an sprioctheanga d'fhoghlaiméoirí sóisearacha. Is maith an ní é seo.
- Córas bandála atá i bhfeidhm thar na bliainghrúpaí sóisearacha ar fad agus, mar thoradh air seo, tá scoláirí roinnte i ranganna de réir a gcumas san ábhar. Leis na hathruithe tráthchláir atá le cur i bhfeidhm ag tús na scoilbhliana seo chugainn, cruthófar ranganna ilchumais sa chéad bhliain. Moltar go gcloífi leis an gcóras dáilte seo chomh fada isteach sa tsraith shóisearach agus is féidir.
- Tá freastal déanta ag mórán múinteoirí ar cheardlanna oiliúna de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Phroifisiúnta do Mhúinteoirí (SFPM) a dhíríonn ar theagasc na Gaeilge. Léiríonn seo tiomantas ghinearálta do chur chun cinn a gcuid scileanna gairmiúla. I bhfianaise na réimsí forbartha a aithníodh le linn na meastóireachta seo, b'fhiú díriú amach anseo ar na gnéithe seo a leanas: straitéisí difreála, straitéisí de chuid an mheasúnú chun foghlama chomh maith lena gcaighdeán féin sa Ghaeilge a fheabhsú.
- In ainneoin nach bhfuil a seomraí féin ag na múinteoirí, tá iarracht inmholta déanta ar thimpeallacht spreagúil foghlama a chruthú sna rangsheomraí. Tá fiúntas ag baint leis an ábhar tagartha atá ar taispeáint agus is maith ann iad, leis, na samplaí d'obair na scoláirí féin.
- Tástáil ar chumas scríofa agus éisteachta scoláirí is mó a bhíonn i gceist sna scrúduithe tí agus ranga. Déantar moladh láidir go n-áireofaí cumas labhartha na scoláirí uile sna modhanna measúnaithe a úsáidtear.
- Tá moladh ag dul do na múinteoirí as an gclár d'imeachtaí eischuraclaim a chuireann siad ar fáil ionas go gcruthaítear deiseanna do scoláirí ar a gcuid Gaeilge a úsáid lasmuigh den seomra ranga.

#### **PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN**

- Tugadh le fios go mbíonn comhoibriú éifeachtach idir bhail roinne. É seo ráite, aithníodh an phleanáil um fhorbairt ábhair mar ghné a d'fhéadfaí a fheabhsú. Cé gur thug na miontuairiscí le fios go ndéantar comhphlé ar thopaicí atá mar fhócas ag leibhéal na scoile uile, tá gá le breis téagair a chur leis na míreanna a bhaineann go dlúth le teagasc agus foghlaim na Gaeilge. Dá ndéanfaí amhlaidh, bheadh comhthuisicint níos daingne ag an mbuíon múinteoirí faoin gcaoi is éifeachtaí chun scoláirí a chumasú sa teanga.
- Den chuid ba mhó, bhí ullmhúchán maith déanta do cheachtanna. Bhí réamh-mhachnamh déanta ar chéimeanna an cheachta agus is minic a réitíodh acmhainní breise mar thaca. Bhí gá i mórán ceachtanna, áfach, le breis réamh-mhachnaimh a dhéanamh ar na gnéithe den teanga a shealbhódh scoláirí le linn an cheachta agus ar na gníomhaíochtaí foghlama

is fearr a chabhródh leo chuige seo. Ina fhianaise seo, moltar go mbeadh sealbhú ar struchtúir teanga mar cheann d'inchinní foghlama na gceachtanna uile.

---

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide, leis an bpríomhoide tánaisteach agus leis na múinteoirí Gaeilge. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.